Clár Náisiúnta Traenála do Bhoird Bhainistíochta (Bunscoileanna)

Bileoga le Roinnt

Caomhnú Páistí

NDP
National Development Plan 2007 - 2013
Transforming Ireland

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

DRUMCONDRA EDUCATION CENTRE

Márta 2008

An Clár Náisiúnta ar Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta

Cosaint Leanaí

2008

Sleamhnán 1

Treoirlínte...



Sleamhnán 2

Cosaint Leanaí

- Tá dualgas ar scoileanna a chur rompu an caighdeán cúraim is airde agus is féidir a sholáthar do dhaltaí d'fhonn a bhfolláine a chothú agus d'fhonn iad a chosaint ó dhíobháil.
- Ní mór Polasaí Cosaint Leanaí de chuid na scoile Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a chomhlíonadh
- Polasaithe gaolmhara
  - An Clár Bí Aireach *(Circular 0061/2006)*
  - Cód Iompraíochta
  - Polasaí Frithbhulaíochta.

Sleamhnán 3

Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta...

- Cuspóir
  - Chun treoir a thabhairt don Bhord Bainistíochta/ phearsanra scoile maidir le déileáil le líomhaintí nó amhrais i dtaca le mí-úsáid leanaí
  - Chun eolas dóthanach a sholáthar don Bhord Bainistíochta le bheith
    - ar an airdeall agus feasach maidir le cad is ceart a dhéanamh i gcásanna a mbíonn imní nó amhras ann i leith mí-úsáid leanaí.

(l. 5 Cosaint Leanaí – Treoirlínte agus Nósanna Imeachta)

Sleamhnán 4

Freagrachtaí an Bhoird Bhainistíochta

- Nósanna imeachta soiléire le comhlíonadh nuair a bhíonn amhras ar mhúinteoirí agus ar an bhfoireann chúnta faoi mhí-úsáid leanaí nó má chuirtear in iúl dóibh faoi mhí-úsáid leanaí
- Sainigh ball foirne sinsearach chun sainfhreagracht bheith aige/aici as cosaint leanai
- Ba cheart don Bhord ionadaí a ainmniú chun gníomhú mura féidir leis an Duine Idirchaidrimh Sainithe bheith i láthair nó ar fáil.

(lth.8 Treoirlínte agus Nósanna Imeachta um Chaomhnú Páistí)

Sleamhnán 5

Freagrachtaí an Bhoird Bhainistíochta *ar leanúint*

- Déan monatóireacht ar leanaí atá i mbaol
- Cabhraigh le seachaint mí-úsáid leanaí trí sholáthar curaclaim *e.g. Clár Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte*
- Cúraimí inseirbhíse a sholáthar don lucht foirne agus don Bhord Bainistíochta
- Nósanna imeachta scríofa a sholáthar chun deiléail le líomhaintí i dtaobh fostaithe.

(l.51 Tosaíocht do Leanaí)

Sleamhnán 6

Rólanna...

- Tá príomhfhreagracht ag an mBord Bainistíochta as cúram agus leas daltaí
- Tá cúram dualgais ar an bhfoireann ar fad chun a chinntiú go bhfuil socruithe ann d'fhonn leanaí a chosaint ó dhíobháil
- Tá sainfhreagracht ag an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe as cosaint leanaí sa scoil
- Tá rúndacht ríthábhachtach. Níor cheart eolas a roinnt ach ar bhonn riachtanais.

Sleamhnán 7

Dualgais an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe...

- Gníomhóidh sé/sí mar dhuine idirchaidrimh don scoil maidir leis an déileáil ar fad a bhaineann le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile i dtaobh líomhaintí mí-úsáide. *(l. 8, Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta)*
- Tuairisceoidh sé/sí don Chathaoirleach maidir le tagairtí a rinneadh
- Ba cheart go mbeadh sé/sí in ann cóip de Threoirlínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus de threoirline *Tosaíocht do Leanaí* a sholáthar do phearsanra scoile
- Ba cheart go mbeadh sé/sí ar fáil don lucht foirne i gcomhair comhairliú maidir le hamhrais nó nochtadh mí-úsaide. Coimeádfaidh sé/sí taifid ar na comhairlithe seo
- Coinneoidh sé/sí é/í féin ar an eolas i dtaobh forbairtí reatha maidir le cosaint leanaí

Sleamhnán 8

Impleachtaí don Lucht foirne

- Comharthaí féideartha maidir le mí-úsáid a aithint
  - Táscairí a léiríodh i gCaibidil 1 agus Aguisín 3 de Tosaíocht do Leanaí
- Déileáil le nochtadh mí-úsáide ó leanaí
- Taifid a choimeád
- Tuairisciú don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe

Sleamhnán 9

Comharthaí Mí-úsáide a Aithint

- Tá sé ríthábhachtach go bhfuil gach fostaí feasach ar na cineálacha mí-úsáide a d'fhéadfadh a tharlú do leanbh
- Forairdeall
- Ba chóir é a chur in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcónaí má bhíonn amhras réasúnach ar dhuine nó má bhíonn cúis bhuartha réasúnach ar dhuine go ndearnadh mí-úsaid ar leanbh nó go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh
- Ní hamhras réasúnach é amhras nach dtacaíonn aon chomhartha mí-úsaide oibiachtúil leis.

(lth.8 Treoirlínte agus Nósanna Imeachta um Chaomhnú Páistí

ú67.8 56.5 T 0332.559 02 t318 BT 0 0.3 5(b)1 0 0 0

Comhdhálacha Cosaint Leanaí

Fóram i gcomhair comhordú eolais ó gach foinse ábhartha, lena n-áirítear fostaithe scoile nuair is gá

- Déanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar cheart dó/di dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird
- D'fhéadfadh an Cathaoirleach soiléiriú a lorg tríd an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe maidir le cén fáth go m bíonn tinreamh na bhfostaithe scoile riachtanach agus chun a fháil amach cé eile a bheidh i láthair, lena n-áirítear tuismitheoirí agus/nó leanaí
- Má bhíonn buarthaí ann faoi thinreamh na dtuismitheoirí, ba cheart don scoil dul i dteagmháil leis an gcathaoirleach comhdhála i gcomhair treorach
- B'fhéidir go n-iarrfaí ar an bhfostaí scoile tuairisc a sholáthar don chruinniú/chomhdháil *(Féach Aguisín 3, Treoirlínte agus Nósanna Imeachta Cosaint Leanaí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta do thuarascáil pro forma)*

Sleamhnán 17

Ag eascairt as Comhdháil

- B'fhéidir go n-iarrfar ar fhostaí scoile súil ghéar a choinneáil ar iompraíocht linbh. B'fhéidir go gcuimseodh sé seo na nithe seo: iompraíocht an linbh a ghrinniú, piarchaidrimh, dul chun cinn scoile nó comhráite neamhfhoirmiúla
- I ngach cás, ba cheart a insint do dhaoine a chuireann a mbuarthaí in iúl nó a phléann a mbuarthaí faoi chúram agus cosaint leanaí le foireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis na céimeanna dóchúla a thógfaidh na daoine proifisiúnta i gceist
- Nuair atá sé oiriúnach agus laistigh de ghnáth-theorainneacha maidir le rúndacht, coinneofar na daoine a thuairiscigh líomhaintí mí-úsáid leanaí ar an eolas i dtaca le torthaí aon fhiosrú nó aon fhiosrúchán ag eascairt as a dtuairisc.

Sleamhnán 18

Líomhaintí maidir le Mí-úsáid Leanaí i gcás Fostaithe Scoile

Sleamhnán 19

- Ba cheart go lorgódh an Bord Bainistíochta comhairle dlí atá cumasach agus neamhspleách – d'fhéadfaí difríochtaí bheith ann ó thaobh na ndálaí de ó chás go cás
- Tá dhá nós imeachta le leanúint:
  - ag tuairisciú nós imeachta i dtaca leis an líomhain
  - An nós imeachta chun déileáil leis an bhfostaí
- Tá an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe freagrach as seo a thuairisciú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Tá an Cathaoirleach freagrach as aghaidh a thabhairt ar cheisteanna fostaíochta
- Má dhéantar líomhain mí-úsáide i leith an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, beidh an Cathaoirleach freagrach as tuairisciú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Sleamhnán 20

Ról an Chathaoirligh

- Cuireann an cathaoirleach in iúl don fhostaí:
  - go ndearnadh líomhain ina t(h)aobh
  - cineál na líomhna
  - ar tuairiscíodh an cás d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- tugann sé cóip den líomhain scríofa don fhostaí
- lorgaíonn sé freagairt i scríbhinn ón bhfostaí
- glacann sé na bearta cosanta cuí
- cuireann sé é seo in iúl don Phatrún agus d'árachóirí na scoile.

Sleamhnán 21

Bearta Cosanta

- Má éilíonn cineál na líomhna go ndéanfaí gníomhaíocht láithreach, stiúrann an Cathaoirleach don fhostaí sos fostaíochta a ghlacadh ón scoil le héifeacht láithreach *(saoire riaracháin)*
- Mura bhfuil duine cinnte faoi, téigh i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/leis na Gardaí
- Tabhair aird mar is cuí ar an gcomhairle a thugtar

Sleamhnán 22

Ról an Bhoird Bhainistíochta

- Tionólfaidh an Cathaoirleach cruinniú láithreach de chuid an Bhoird agus cuirfidh sé in iúl do na baill faoi na nithe seo a leanas
  - cineál na líomhna
  - an ghníomhaíocht (na gníomhaíochtaí) a ghlactar
  - torthaí na gcomhairliúchán leis na Gardaí/le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Cuir i gcuimhne do bhaill an Bhoird chun cloí le rúndacht dhaingean
- Coimeád miontuairiscí cuí ar an gcruinniú
- Ba cheart deis a thabhairt don duine a dhéanann an líomhain agus don fhostaí chun a gcásanna a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta
- Cuir cinneadh an Bhoird in iúl don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus don Phátrún.

Sleamhnán 23

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí (1998)

- Déanann sé foráil do na nithe seo a leanas…
  - díolúine ó dhliteanas sibhialta fad is a dhéantar an tuairisciú "go réasúnach agus de mheon macánta"
  - cosaint d'fhostaithe a thuairiscíonn mí-úsáid leanaí
- Cruthaíonn sé coir maidir le tuairisciú bréagach i dtaca le mí-úsáid leanaí má dhéanann duine tuairisc "agus fios bheith aige/aici go bhfuil an ráiteas sin bréagach" chun daoine neamhchiontacha a chosaint ó thuairiscí mailíseacha
- Pribhléid shrianta.

Sleamhnán 24

Impleachtaí

Ní mór nósanna imeachta scoile atá ann, agus nósanna imeachta a bheidh le tabhairt isteach amach anseo, a scrúdú i dtaca le Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar Chaomhnú Páistí mar shampla.

- *Úsáid inghlactha ICT – grianghraif, físteipeanna, suímh Ghréasáin*
- *Frithbhulaíocht*
- *Tinreamh*
- *Cód Iompraíochta*
- *Gníomhaíochtaí seach-churaclaim*
- *Ionduchtú foirne nua*
- *Taifid a choimeád*
- *Turais scoile agus turais eile*
- *Riachtanais Oideachais Speisialta – teagasc pearsanta, cúram dlúthpháirte…*
- *Maoirsiú*
- *Leanaí a iompar*
- *Nithe eile…*

Sleamhnán 25

Caomhnú Páistí

Tá Bord Bainistíochta nuathofa ag an scoil, tá príomhoide nuacheaptha agus foireann réasúnta óg ann.

Conas is féidir leis an mBord a chinntiú go bhfuil an scoil in ann freagairt go heifeachtach má thagann ceisteanna cosaint leanaí chun cinn?

Sleamhnán 27

Caomhnú Páistí

Bhí Bean de Brún ag múineadh faoi thadhaill shábháilte agus mhíshábháilte le linn cheacht Bí Aireach.

I ndiaidh na ceachta, nocht Micheál, duine dá daltaí go raibh rud éigin le hinsint aige di faoi na rudaí a bhí ag tarlú dó sa bhaile.

Cad iad na himpleachtaí a bhaineann leis seo do na daoine seo a leanas…

- Bean de Brún
- an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe
- an Cathaoirleach
- baill eile den Bhord Bainistíochta

Sleamhnán 28

Caomhnú Páistí

Faigheann Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta litir shínithe ó iardhalta ag líomhain go ndearna duine atá fós i measc fhoireann na scoile mí-úsáid uirthi.

Cé hiad na céimeanna ar cheart don Chathaoirleach agus don Bhord Bainistíochta a thógáil?

Sleamhnán 29

Leitheoireacht Bhunriachtanach

- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2001) Treoirlínte agus Nósanna Imeachta um Chaomhnú Páistí
- An Roinn Sláinte agus Leanaí (1999) *Tosaíocht do Leanaí* Treoirlínte Náisiúnta ar Chosaint agus Leas Leanaí
- Cumann Bainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha (2007) Lámhleabhar Bhaill an Bhoird Bhainistíochta - Aguisín 56 agus 56(A)
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007) Lámhleabhair Eolais do Bhoird Bhainistíochta Bunscoileanna, leathanaigh 26-27

Sleamhnán 30

Meabhrúcháin

- Sínítear an Clár
- Críochnaítear meastúcháin agus cuirtear ar ais iad
- Bileoga Eolais
- Déantar socruithe don chéad seisiún eile *(má thagann sé i gceist)*
- Tá siad seo i measc na modúl eile atá ar fáil:
  - An Bord Bainistíochta mar Aonad Corpraithe *(don bhord ar fad)*
  - Nósanna Imeachta Ceapacháin *(don Chathaoirleach agus don Phríomhoide)*
  - Bainistíocht Airgeadais *(don Chathaoirleach agus don Chisteoir)*
  - Ceisteanna Dlí *(don Bhord ar fad)*

Sleamhnán 31

Liosta Eagraíochtaí agus Acrainmneacha

Eagraíochtaí

An Bord Oideachais	Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, Teach Eaglais na hÉireann, Ascaill na hEaglaise, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 Teil: 01 497 8422
CBBC	Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Coláiste Phádraig, Má Nuad, Co Chill Dara. Teil: 1850 – 407200 ríomhphost: info@cpsma.ie láithreán gréasáin: www.cpsma.ie
ROE	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Marlborough, Baile Átha Cliath 1 Teil: 01 889 6400 ríomhphost: info@education.gov.ie láithreán gréasáin: www.education.ie
Ag Foghlaim le Chéile	Ag Foghlaim le Chéile, H8a Lárphointe, Céide na Darach, Baile Átha Cliath 12 Teil: 01 429 2500 ríomhphost: info@educatetogether.ie láithreán gréasáin: www.educatetogether.ie
Foras Pátrúnachta	Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo, 92 Bóthar Sheannaigh, Rath Éanaigh, BÁC 5 Teil: 01 8314487 ríomhphost: foraspatrunachta@hotmail.com láithreán gréasáin: www.foras.ie
IMPACT	Ceardchumann: www.impact.ie
CMÉ	Cumann Múinteoirí Éireann: www.into.ie
LPBÉ	Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann: www.ippn.ie
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 Teil: 01 661 7177 ríomhphost: info@ncca.ie láithreán gréasáin: www.ncca.ie
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí. Teil: 046 948 6400 ríomhphost: info@ncse.ie láithreán gréasáin: www.ncse.ie

NCTE	Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9. Teil: 01 700 8200 ríomhphost: info@ncte.ie láithreán gréasáin: www.ncte.ie
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Cúirt Fhreidric, 24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath1 Teil: 01 889 2700 Láithreán gréasáin: www.education.ie
BNLO	An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, 16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8738700 ríomhphost: info@newb.ie láithreán gréasáin: www.newb.ie
STGB	An tSeirbhís um Thacaíocht Ghairmiúil do Bhunscoileanna, Áras Dolcáin, Bóthar na Mainistreach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 Teil: 01 464 2227
STOS	Seirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta, Ionad um Thacaíocht Oideachais Chorcaí, An Reachtaireacht, An Bóthar Thiar, Corcaigh. Teli: 1850 200 884 ríomhphost: info@sess.ie láithreán gréasáin: www.sess.ie
An Chomhairle Mhúinteoireachta	An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara Teil: LoCall 1890 224 224, 01 651 7900 ríomhphost: info@teachingcouncil.ie láithreán gréasáin: www.teachingcouncil.ie
Rannóg um Oideachas Múinteoirí (ROM)	Rannóg um Oideachas Múinteoirí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Marlborough, Baile Átha Cliath 1 *Tá ról ag an aonad seo I ngach tionscnamh náisiúnta.*

Acrainmneacha

PC	Príomhoifigeach Cúnta
BB	Bord Bainistíochta
LP	Leas-Phríomhoide
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna – plean gnímh le haghaidh cuimsiú oideachais
Tús Luath	Is clár bliain amháin é an Clár Tús Luath a chuirtear ar fail le haghaidh páistí idir 3-4 bliana d'aois i scoileanna atá roghnaithe i gceantair atá ainmnithe a bheith faoi mhíbhuntáiste
TBSP	Teagmháil idir Baile, Scoil agus Pobal
PAO	Plean Aonair Oideachais
Cigire	Cigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta
CPAF	Clár Aonair Próifíle agus Foghlama
Múinteoir Príomhshrutha	Múinteoir ranga
CNT	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
MNC	Múinteoir nuacháilithe
CT	Cumann na dTuismitheoirí
Comhpháirtithe	Tuismitheoirí, An Bord Bainistíochta srl. a bhíonn bainteach le gníomhaíochtaí na scoile
Pátrún	Feidhmíonn scoileanna faoi chomhlacht pátrúin, m.sh. an Eaglais Chaitliceach, Ag Foghlaim le Chéile, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, An Foras Pátrúnachta, An Bord Oideachais Ioslamach …
PF	Post le Freagracht, m.sh. leas-phríomhoide, príomhoide cúnta, múinteoir le dualgais speisialta
MALS	Múinteoir Acmhainne don Lucht Siúil
Lá PFS	Bíonn cead ag gach scoil dúnadh le haghaidh lá amháin chun imeachtaí a eagrú
ERSO	Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais
Múinteoirí i gcomhroinn	Múinteoirí a oibríonn i scoileanna éagsúla chun tacaíocht a thabhairt do leanaí le riachtanais speisialta
SIPTU	Ceardchumann
CRS	Cúntóir Riachtanas Speisialta
Múinteoir le dualgais speisialta	Múinteoirí a bhfuil freagracht speisialta acu i leith saincheisteanna eagraíochta nó curaclaim chomh maith lena ndualgais mhúinteoireachta
Iontaobhaithe	Na daoine atá ainmnithe ag an bPatrún mar iontaobhaithe na scoile. Tá baint acu le léas áitreabh na scoile. Geallann na hIontaobhaithe go leanfar ag baint úsáide as na foirgnimh mar scoil náisiúnta ar feadh théarma an léasa agus dearbhaíonn siad go mbeidh an t-áitreabh agus an mhaoin faoi árachas.
Múinteoirí ar cuairt	Múinteoirí atá ag obair le daltaí a bhfuil fadhbanna céadfacha acu
MCLS	Múinteoir ar cuairt le haghaidh an Luchta Siúil